# DÁIL ÉIREANN

**COSTAIS GHNÓ I NDÁIL LE MICRIFHIONTAIR, FIONTAIR BHEAGA AGUS FIONTAIR MHEÁNMHÉIDE.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 14ú lá seo d'Fheabhra, 2024.

**BUSINESS COSTS FOR MICRO, SMALL AND MEDIUM ENTERPRISES.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 14th day of February, 2024.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

fáilte a chur roimh an méid seo a leanas:

— bearta a bheith á dtabhairt isteach atá dírithe ar dhálaí oibre a fheabhsú in Éirinn, amhail an ceart chun an chianobair a iarraidh, reachtaíocht maidir le pá breoiteachta (laethanta breoiteachta sainordaitheacha íoctha), clárú uathoibríoch pinsin, Saoire Tuismitheora agus Sochar Tuismitheora, lá saoire poiblí breise agus an t-aistriú chuig Pá Maireachtála;

— na bearta níos leithne, idir bhearta díreacha agus cánachais, atá áirithe i bpacáiste Bhuiséad 2024, a bhfuil sé d'aidhm leo cuid de na brúnna costais a bhíonn ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) a mhaolú;

— tabhairt isteach na Scéime Deontais um Chostas Méadaithe Gnó (CMG) aonuaire, lena soláthrófar €257 milliún do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus lena dtacófar le 143,000, nó 95 faoin gcéad, de ghnólachtaí trádála tráchtála; agus

— an fógra a rinneadh le déanaí maidir leis an scéim um stórasú fiachais cánach, trína ndearnadh an ráta úis a bhaineann le fiachas cánach stórasaithe a laghdú go ráta nialais faoin gcéad;

na nithe seo a leanas a aithint:

— na tacaíochtaí Rialtais marthanacha chun cabhrú le fiontair Éireannacha le linn tréimhsí as a chéile inar cuireadh isteach orthu le blianta beaga anuas agus an úsáid a bhaintear as cuid mhór acmhainní Státchiste chun na críche sin;

— na tionscnaimh Rialtais a glacadh le déanaí chun tacú leis an earnáil fiontair agus chun an ráta Cánach Breisluacha (CBL) 9 faoin gcéad a choimeád ar fáil go dtí deireadh mhí Lúnasa 2023 (mar aitheantas ar na hábhair imní a chuir na hearnálacha fáilteachais agus turasóireachta in iúl);

— an síneadh atá curtha le tacaíochtaí ríthábhachtacha fuinnimh lena n-áirítear an ráta CBL 9 faoin gcéad ar ghás agus

That Dáil Éireann:

welcomes:

— the introduction of measures aimed at improving working conditions in Ireland, such as the right to request remote work, sick pay legislation (mandatory paid sick days), pension auto-enrolment, Parent's Leave and Parent's Benefit, an additional public holiday and the transition to a Living Wage;

— the broader direct and taxation measures contained in the 2024 Budget package, aimed at alleviating some of the cost pressures faced by Small and Medium Enterprises (SMEs);

— the introduction of the once-off Increased Cost of Business (ICOB) Grant Scheme, which will provide €257 million to small and medium sized businesses and is estimated to support 143,000 or 95 per cent of commercially trading businesses; and

— the recent announcement regarding the tax debt warehousing scheme, whereby the interest rate applying to warehoused tax debt has been reduced to zero per cent;

acknowledges:

— the sustained Government supports to assist Irish enterprises across successive periods of disruption in recent years and the deployment of extensive Exchequer resources to this end;

— the recent Government initiatives taken to support the enterprise sector and the availability of the 9 per cent Value Added Tax (VAT) rate to the end of August 2023 (in recognition of concerns raised by the hospitality and tourism sectors);

— the extension of vital energy supports including the 9 per cent VAT rate on gas and electricity for a further year to the

leictreachas go ceann bliain eile go dtí deireadh 2024 agus na laghduithe sealadacha ar an ráta máil a bhfuil feidhm acu maidir le díosal gluaisteáin, peitreal agus ola gáis mharcáilte go dtí an lá deiridh de mhí an Mhárta 2024;

— na tacaíochtaí marthanacha atá ar fáil do ghnólachtaí chun dálaí oibre a fheabhsú in Éirinn, amhail an ceart chun an chianobair a iarraidh, reachtaíocht maidir le pá breoiteachta (laethanta breoiteachta íoctha sainordaitheacha), clárú uathoibríoch pinsin, Saoire Tuismitheora agus Sochar Tuismitheora, lá saoire poiblí breise agus an t-aistriú chuig Pá Maireachtála;

— an raon leathan de thacaíochtaí airgeadais, meantóireachta agus oiliúna atá curtha ar fáil do FBManna Éireannacha ag gníomhaireachtaí Rialtais, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla; agus

— rannpháirtíocht leanúnach an Rialtais leis an ngnó ar fud earnálacha éagsúla trí ardáin éagsúla de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, amhail an Fóram Fáilteachais agus Turasóireachta, an Tascfhórsa um FBM, an Fóram Fiontair agus an Fóram Miondíola; agus

a tacaíocht a thabhairt do na nithe seo a leanas:

— an cinneadh atá déanta ag an Rialtas chun cómheasúnú a dhéanamh ar an tionchar carnach a bhíonn ag athruithe ar choinníollacha oibre ar fhostóirí, is cómheasúnú a dhéanfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Coimirce Sóisialaí; d'fhonn na tionscnaimh bheartais is gá a ghlacadh chun tacú le gnólachtaí in earnálacha atá faoi bhrú airgeadais, más cuí; agus

— tiomantas leanúnach an Rialtais chun monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht ghnó i ndáil le bagairtí féideartha agus na réitigh orthu ina dhiaidh sin.

end of 2024 and the temporary excise rate reductions applying to auto diesel, petrol and marked gas oil until the final day of March 2024;

— the continued supports available to businesses relating to improvements to working conditions in Ireland, such as the right to request remote work, sick pay legislation (mandatory paid sick days), pension auto-enrolment, Parent's Leave and Parent's Benefit, an additional public holiday and the transition to a Living Wage;

— the wide range of financial, mentoring and training supports on offer to Irish SMEs from Government agencies, including Enterprise Ireland as well as the Local Enterprise Offices; and

— the Government's ongoing engagement with business across multiple sectors through various Department of Enterprise, Trade and Employment platforms, such as the Hospitality and Tourism Forum, the SME Taskforce, the Enterprise Forum and the Retail Forum; and

supports:

— the decision by Government to undertake a joint assessment of the cumulative impact of changes to working conditions on employers by the Department of Enterprise, Trade and Employment, working jointly with the Department of Social Protection; with a view to taking the necessary policy initiatives to support businesses in sectors under financial pressure where appropriate; and

— the Government's ongoing commitment to monitor the business environment for potential threats and subsequent solutions.